Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12510/23**

**LIMITE**

**CORLX 824**
**CFSP/PESC 1178**
**CONUN 222**
**MOG 111**
**CONOP 72**
**COARM 217**
**FIN 875**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES[1] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

(2) Ba cheart an iontráil a bhaineann le heintiteas amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES a nuashonrú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/413/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

PUBLIC

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES, faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na hiontrála comhfhreagraí sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal 'B. Eintitis':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '148. | Iran Composites Institute (ar a dtugtar freisin Composites Research Laboratory (CRL)) | Iran Composites Institute,<br><br>Iranian University of Science and Technology,<br><br>16845-188, Tehran, an Iaráin,<br><br>Teileafón: 98 217 3912858<br><br>Facs: 98 217 7491206<br><br>Ríomhphost: ici@iust.ac.ir<br><br>Suíomh gréasáin: http://www.irancomposites.org | Tá Iranian Composites Institute (ICI, ar a dtugtar freisin Composite Institute of Iran; Composites Research Laboratory (CRL)) ag cuidiú le heintitis ainmnithe forálacha smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais ar an Iaráin a shárú agus tá sé ag tacú go díreach le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de. Ó 2011, bhí ceangal conartha ar ICI rótair lártheifneoirí IR-2M a sholáthar do Iran Centrifuge Technology Company (TESA), eintiteas atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach. | 22.12.2012'. |